COIMISIÚN NA SCRÚDUITHE STÁIT

State Examinations Commission

Scrúdú na hArdteistiméireachta 2006

Tíreolaíocht

Fiosrúchán Tíreolaíochta (20% de na Marcanna Iomlána)

Liosta Sonraithe na dTopaicí Fiosrúcháin

Eolas Ginearálta

- Tá na topaicí fiosrúcháin comónta ar an Ardleibhéal agus ar an nGnáthleibhéal

- Ní mór do ***gach iarrthóir*** (*Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal*) tuairisc a chur i gcrích agus a chur isteach ar thopaic fiosrúcháin **amháin** a roghnófar ón liosta **sé cinn** a thugtar thall

- **Ní mór d'iarrthóirí an tuairisc ar an bhfiosrúchán a chur isteach sa Leabhran Thuairisc Fiosrúchan Tíreolaíochta, a eiseoidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit i mí Eanáir 2006.**

- Is é **28 Aibreán 2006** an dáta chun tuairiscí fiosrúcháin comhlánaithe a thabhairt don mhúinteoir

- Coinneofar tuairiscí ar lámh shábháilte i scoileanna go dtí lá an scrúdaithe scríofa sa Mheitheamh, tráth a nascfaidh na feitheoirí ionad iad leis na scripteanna scríofa a bhaineann leo, lena seoladh ar aghaidh go dtí Baile Átha Luain.

Liosta Topaicí Fiosrúchán Tíreolaíochta

1. **Próisis chreimthe gheomorfacha i dtimpeallacht aibhneach, chósta nó oighreach**
2. **Bainistíocht tráchta**
3. **Staidéar ar cheist a bhaineann leis an timpeallacht áitiúil**
4. **Suirbhé ar thalamhúsáid i gcomhthéacs tuaithe nó uirbeach**
5. **Athruithe ar phatrúin dhéimeagrafacha i gceantar áitiúil**
6. **Staidéar ar ghníomhaíocht eacnamaíochta i gcomhthéacs áitiúil**

N.B. Ní mór do gach iarrthóir tuairisc a chur i gcrích ar cheann amháin de na Topaicí Fiosrúcháin sin thuas.

Eolas do Mhúinteoirí

- Beifear ag súil leis go gcuirfidh na hiarrthóirí an chomhpháirt Obair Chúrsa Phraiticiúil - i.e. an Tuairisc Fhiosrúchán Tíreolaíochta – i gcrích lena cur faoi bhráid na n-údarás scoile acu faoi **28 Aibreán 2006**.

- Tá an t-eolas seo á chur sa timpeall ag an tráth seo mar áis do mhúinteoirí an tsiollabais nua i bpleanáil chúrsa. Cuirfear eolas cuimsitheach ar fáil do mhúinteoirí agus d'iarrthóirí maidir le gnásanna agus le riachtanais a bhaineann le deimhniú an Fhiosrúcháin i gciorclán eile a eiseofar chun na scoileanna sa **Mhárta, 2005**.

- Ní mór an tuairisc atá bunaithe ar an topaic fiosrúcháin roghnaithe a chur i gcrích de réir an struchtúir shonraithe mar atá sé leagtha amach sa Leabhrán Thuairisc Fiosrúchán Tíreolaíochta. **Cuirfear an leabhrán seo i bhfoirm shamplach chun scoileanna sa Mhárta 2005**.

- Ní mór an Fiosrúchán agus an Tuairisc a chur i gcrích faoi mhaoirseacht mhúinteora.

- Obair indibhidiúil an iarrthóra féin amháin is cóir a bheith sa Tuairisc a chuirfear isteach le haghaidh measúnachta – agus é sin deimhnithe ag an iarrthóir agus ag an múinteoir.

- Is cóir bunfhoinsí a bheith mar bhonn le 60% ar a laghad den eolas a chruinneofar, agus is féidir foinsí tánaisteacha a úsáid don chuid eile. Ní mór na foinsí tánaisteacha ar fad a úsáidtear [leabhair, tréimhseacháin, suíomhanna gréasáin, etc.] a admháil mar is cuí.